

**INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO
MEASÚNÚ FAOI THEASTAIS GHAELGE**

**OIRIÚNÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAELGE
EARRACH, 2021**

An Triail Scríofa - 100 MARC

**Trí huairé an chloig don pháipéar seo (10.00 – 1.00).
Freagair cúig cheist.**

ROINN A

SCRÍBHNEOIREACHT FHEIDHMIÚIL

Freagair Ceist 1 nó Ceist 2

1. Scríobh litir (380-400 focal ar a laghad):
Mar an múinteoir i do scoil atá i gceannas ar chúrsaí snámha, scríobh litir chuig an gCathaoirleach, An Bord Pleanála, 64 Sráid Maolbhríde, Baile Átha Cliath 1 ag tacú leis an iarratas atá déanta ag an gCumann Snámha i do cheantar linn snámha nua a thógáil.

2. Scríobh litir (380-400 focal ar a laghad):
Mar an múinteoir i do scoil a dhéanann comhordú ar an gCorpoideachas, scríobh litir chuig Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta i do scoil ag gabháil buíochais leis an gCathaoirleach as trealamh nua Corpoideachais a bhronnadh ar an scoil.
(30 marc)

ROINN B

AISTRÍÚCHÁIN

Freagair Ceist 3 agus Ceist 4

3. Aistrigh go Gaeilge:-
 - (a) You are late, children. Hurry Up!
 - (b) Stand back, Paul and let me open the door.
 - (c) Why haven't you got your homework done, Máire.
 - (d) Eoghan! Go down to the office and get my roll book.
 - (e) Children! You have permission now to go out to the yard.
 - (f) How did you hurt yourself, Brendan?
 - (g) Give me your copybook, Liam.
 - (h) Take down your homework, children.
 - (i) Do not forget your book, Ciara.
 - (j) Read on silently, children.

(15 mharc)

4. Aistrigh go Gaeilge:-

Principal: Excuse me, Cormac. I hope I am not disturbing you.

Teacher: You are not disturbing me at all. Do you want to speak to me?

Principal: I do, please, just for a minute.

Teacher: On you go!

Principal: I would like to speak to you about the Art Room.

Teacher: Is there a problem with it?

Principal: It is very untidy at present.

Teacher: I was using it last Friday and I left everything in order after me.

Principal: I know but this morning there was paint on the tables and the paint brushes were not cleaned.

Teacher: Well I'm in charge of the Art Room and I'll send a note around to the teachers this morning.

(20 marc)

ROINN C

GRAMADACH

Freagair Ceist 5

5. Scríobh na freagraí i do fhreagarleabhar:-

An Briathar:

1. A bhuachaillí! Ná (dún) _____ doras an Halla Spóirt.
2. A Chormaic! (Ith) _____ do lón.
3. Níor (vótáil) _____ Áine sa toghchán an bhliain seo caite.
4. Ní (ól: siad) _____ bainne gach lá.
5. Ar (nigh: tú) _____ tú do lámha aréir?
6. (Ceannaigh: siad) _____ gluaisteán nua gach bliain.
7. Nach (faigh: sé) _____ an litir sin amárach?
8. An (téigh: sí) _____ go Cill Airne inné?
9. (Foghlaim: sí) _____ an píosa ceoil, dá gcleachtadh sí é.
10. Dá mbeadh níos mó ama aici, (léigh: sí) _____ leabhar.
11. (Mothaigh: mé) _____ uaim mo chlann nuair a bheidh mé thar lear.
12. (Cuimhnigh) _____ ar na daoine a fuair bás ag an tseirbhís inné.
13. (Ith) _____ go leor seacláide de ghnáth ag an am seo den bhliain.
14. Deir Conchúr (freagraíonn) _____ sé a ríomhphoist gach lá.
15. Dúirt Gearóid (ní dhearna) _____ sé aon Chorpoideachas ar scoil inné.
16. Dúirt Orla (éistfidh) _____ sí leis an bpodchraoladh amárach.
17. Is aoibhinn le Síle a bheith ag (féach) _____ ar an teilifís.
18. Tá na himreoirí (roghnaigh) _____ ag an mbainisteoir.
19. Dá (bí) _____ sé ag cur báistí, chaithfeadh sí buataisí báistí.
20. Má (ceannaigh: tú) _____ do lón anois, ní bheidh ort stopadh ag an siopa níos déanaí.

An Chopail:

21. Is (banaltra) _____ í Eibhlín.
22. Nach (iad) _____ Clár agus Pól úinéirí an tí sin?
23. Níor (Príomhoide) _____ é Máirtín.
24. Arbh (é) _____ Pádraig an buaiteoir?

An tAinmfhocal

25. Tá an (iasc [fir.]) _____ seo blasta.
26. Beidh an (pictiúrlann [bain.]) _____ ar oscailt arís go luath.

27. An raibh tú riamh ar saoire (i: an Fhrainc) _____.
28. Tá blas álainn ar (na oráistí) _____ sa siopa sin.
29. Beidh an Triail Scríofa ar siúl i lár (an t-earrach) _____.
30. Is breá liom ceol (an chláirseach) _____.
31. Tá praghas (na tithe) _____ lasmuigh den chathair ag ardú.
32. Tá Áine ag glanadh (na boird) _____.

An Aidiacht

33. Tá Caoimhín (níos: óg) _____ ná Dáithí.
34. Is í Aisling an cailín (is: beag) _____ sa chlann.

An Aidiacht Shealbhach

35. Bhí Máire (i: a: cónaí) _____ i Sasana.
36. Tá Mícheál agus (a: deartháir) _____ as láthair inniu.

An Forainm Réamhfhoclach

37. Ní raibh mé ag caint (le: siad) _____ inné.
38. Tá fáilte (roimh: tú) _____ chuig ár seomra ranga.

Suas, Thuas, Anuas; Síos, Thíos, Aníos

39. A Éilís! Tá na leabhair thuas ar an gcéad urlár. Ar mhiste leat dul _____ chun iad a fháil?

Isteach, Istigh; Amach, Amuigh

40. Tá an ghrian ag taitneamh amuigh. Rachaimid _____ ag am sosa.

Uimhreacha

41. Scríobh i bhfocail: Rang 5: _____.
42. Tá cúpla (leathanach) _____ léite agam.
43. Tá Siobhán sa chúigiú (bliain) _____ sa mheánscoil.
44. Beidh cúigear (tuismitheoir) _____ linn ar an turas scoile.

Gramadach an Bhriathair

45. Scríobh an aimsir láithreach, an fhoirm dhiúltach, an dara pearsa uatha den bhriathar ‘dún’.

46. Scríobh an aimsir fháistineach, an fhoirm dhearfach, an chéad phearsa iolra den bhriathar ‘taispeáin’.

47. Scríobh an t-ainm briathartha den bhriathar ‘tar’.

48. I dtéarmaí gramadaí, mínigh ‘ag insint’.

49. I dtéarmaí gramadaí, mínigh ‘osclaíonn sí’.

50. I dtéarmaí gramadaí, mínigh ‘múinfidh sé’.

(25 mharc)

ROINN D

LÉAMHTHUISCINT Freagair Ceist 6 nó Ceist 7

6. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:-

Sliocht, atá curtha in oiriúint, as *Timpiste Réidh le Tarlú, le Vincent Banville, aistrithe go Gaeilge ag Cathal Ó Manacháin, New Island Open Door, 2007, 1-4.*

Lá géar liath a bhí ann i gCathair Bhaile Átha Cliath. Mhúscaíl mé an mhaidin sin agus bhí m'íníon Emily ina suí ar m'ucht. Bhí sí dhá bhliain d'aois. Bhí sí ag canadh '*Twinkle, Twinkle, Little Star,*' gan aon stad uirthi ach amháin le hiarraidh orm go gcuirfinn clúidín úr uirthi. Rinne mise sin, agus ansin, síos an staighre linn ar lorg rud éigin le hithe.

Bhíomar sa seomra suí, ag breathnú ar na *Teletubbies* agus ag ithe brioscáin ríse, nuair a tháinig mo bhean chéile Áine anuas. Tá gruaig rua uirthi agus téann a colg leis an ngruaig. Tá dearcadh cinnte aici freisin ar an gcaoi ar chóir dúinn Emily a thógáil.

Bhí Áine ag croitheadh a cinn anois, agus ag rá, 'Cad é a dúirt mé leat? Teilifís ar bith, ná sóbhia ar bith. Beidh an leanbh millte agat. Mura n-éiríonn linn í a mhúineadh sula mbaineann sí aois na céille amach – '

'Í a mhúineadh?' a ghearr mé isteach uirthi. 'Cad chuige nach féidir linn ligean di bheith ina spiorad saor? A rud féin a dhéanamh.'

'Agus í dhá bhliain d'aois?'

'Bhuel, tá sí in ann siúl agus labhairt. Canadh, damhsa, a cuid litreacha a rá. Tá a fhios agam go gcuireann sí a bróga ar na cosa míchearta uaireanta, ach is féidir leis sin tarlú do dhuine ar bith.'

An chiall atá ag Áine don ghreann gheobhaidh sin an bua ar a cuid feirge bréige i gcónaí. Agus í ag gáire, chrom síos agus leag sí póg ar leiceann Emily. Agus í á díriú féin arís, arsa mise 'agus cad é fúmsa?'

'Cad é fútsa?'

'Póg do Dhaidí?'

Shíl Emily go raibh mé ag caint léi, agus thug sí póg mhór fhliuch, shlapach dom. Fuair mé lán béile de bhrioscáin ríse freisin agus chuaigh siad snap, cnagarnach, pop.

Nuair a bhíomar nite, glanta agus gléasta, d'imigh Áine chuig a cuid oibre, agus bhí ormsa Emily a thabhairt a fhad leis an *grèche*. Bhí an fheartainn ag stealladh anuas ó spéir Dheireadh Fómhair, bhí na scamail íseal gruama. Bhí scamall ar na páistí freisin sa *chrèche*. Ba chara d'Emily í Aoife agus choinnigh sí greim ar mo chos mar a bheadh bairneach ann. Bhí ar na feighlithe í a thabhairt ar shiúl lena lán olagóin agus teannadh fiacra. Bhí trua agam dóibh. Beirt chailíní óga. Déarfainn nach fada ó bhí siad féin ina ndéagóirí.

Buntuisicint:

1. Cén aois a bhí ag Emily?
2. Céard a thug an t-athair d'Emily le hithe?
3. Cén sórt aimsire a bhí ann nuair a thug an t-athair Emily go dtí an *crèche*?

Tuisicint liteartha:

4. Cén fáth a raibh Áine crosta lena fear céile?
5. Cén fáth a raibh trua ag an athair do na daoine a bhí ag obair sa *chrèche*?

(10 marc)

7. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:-

Sliocht atá curtha in oiriúint as *André agus an Tarbh Iontach* (Úrscéal d'Fhoghlaimoirí), le Diane Lavery, aistrithe go Gaeilge ag Jim O'Malley, An Gúm, 2002, 1-3.

Bhí teach feirme suite go hard i measc Ailp na Fraince agus crainn ghiúise mórtimpeall air. Bhí feirmeoir lách ina chónaí ann lena mhac. André ab ainm don bhuachaill.

Bhí an teach tógtha d'adhmaid giúise. Díon adhmaid a bhí air chomh maith. Bhí simléar cloiche ag gobadh in airde chun na spéire ann. Bhíodh comhlaí glasa na bhfuinneog dúnta le linn oícheanta fada an gheimhridh.

Díreach taobh amuigh den doras bhí caidéal a thug uisce do mhuintir an tí agus do na hainmhithe chomh maith.

Bhí umar taobh leis. Chodlaíodh na hainmhithe istigh sa chró a bhí taobh leis an teach.

Maidir le hAndré, buachaill tanaí a bhí ann. Mar sin féin bhí sé cruá láidir mar bhíodh sé i gcónaí ag rith i ndiaidh na n-ainmhithe. De shiúl na gcos a théadh sé ar scoil.

Buachaill dathúil ba ea é, dar le mná an tsráidbhaile. Fuair a mháthair bás nuair nach raibh sé ach trí bliana d'aois. Is beag cuimhne a bhí aige uirthi seachas grianghraf a pósta a bhí ar crochadh os cionn an mhatail sa chistin mhór.

Bhí sé an-chosúil lena mháthair. Is uaithi a thug sé na súile móra liatha, na ceannaithe breátha agus an ghruaig fhionn. Dar lena athair, bhí sé cosúil léi freisin ó thaobh pearsantachta agus ó thaobh éirime de.

Fear caoin ciúin ba ea a athair. Bhí an-chion acu ar a chéile agus mhair siad le chéile go sona sásta.

Bhí cíocras chun eolais ar André. Ní raibh ach mian amháin ina chroí, a bheith ina mhúinteoir ionas go bhféadfadh sé múineadh i scoil na háite. Taobh amuigh de sin, ba bhreá leis aer úr na nAlp agus é i bhfeighil a chuid ainmhithe.

Bhí tréad gabhar acu. Bhí ar André a bheith luath scafánta chun coimeád suas leo. Bhí dhá bhó acu, Nóinín agus Cam an Ime, agus tarbh mór groí. Bhí seithe an tairbh chomh dubh le pic. Bhí dhá ghualainn láidre air, droim leathan agus dhá adharc bhreátha ar bharr a chinn. Ainmhí den scoth a bhí ann. Pedro ab ainm dó...

'Nífidh mise na gréithe, a André,' arsa a athair leis. 'Scaoil amach na hainmhithe agus tiomáin suas go dtí na páirceanna arda iad mar a dhéanfaidh buachaill maith.'

'Cinnté,' arsa André lena athair agus é ag éirí ón mbord. Chuaigh sé amach go dtí an cró mór. D'oscail sé na doirse. Chuir sé bloc adhmaid ina gcoinne chun iad a choimeád ar oscailt.

'Amach libh anois,' a dúirt sé leis na gabhair.

Buntuisicint:

1. Céard as a raibh an simléar ar theach André déanta?
2. Conas a théadh André ar scoil?
3. Cé na hainmneacha a bhí ar bha André?

Tuisicint liteartha:

4. Cé na cosúlachtaí fisiceacha a bhí idir André agus a mháthair?
5. Cén tslí bheatha ar theastaigh ó André a leanúint?

(10 marc)